Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Nuachtlitir: Eagrán 1, Eanáir 2011

Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

Fón: (01) 8057745 (01) 8057740 Faics: (01) 8057748

eolas@foras.ie www.foras.ie

*** Le do thoil déan cóip den nuachtlitir seo & scaipigí é ar na baill atá ar an mbord bainistíochta sa scoil & foireann na scoile. Tá cóip den nuachtlitir seo ar fáil ar www.foras.ie**

Fáilte go dtí an chéad eagrán den nuachtlitir nua

17 Eanáir 2011

A chairde,

Athbhliain faoi mhaise agus fáilte ar ais ar scoil daoibh go léir.

Seo chugaibh an chéad eagrán den nuachtlitir nua atá ag an bhForas Pátrúnachta. Tá súil againn go mbeidh an nuachtlitir seo mar áis eolais agus tacaíochta daoibh ar fad .

Sa nuachtlitir beidh an t-eolas is déanaí maidir leis an bhForas Pátrúnachta, cúrsaí oideachais, an nuacht is déanaí agus eolas ar na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna chomh maith le gné ailt eile.

Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, má tá aon mholtaí agaibh is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag na sonraí thuas luaite.

Le gach dea-ghuí

Ard-Rúnaí

San eagrán seo:

- Eolas faoin bhForas Pátrúnachta 2
- Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta 4
- An nuacht is déanaí 5
- Na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta 6
- www.foras.ie 7
- Déan teagmháil linn 8

Eolas faoin bhForas Pátrúnachta

Is pátrúnacht náisiúnta é an Foras do scoileanna Lán Ghaeilge bunscoile agus iar-bhunscoile le freagrachtaí pátrúnachta agus bainistíochta. Tá 58 Gaelscoil agus 3 Mheánscoil lán-Ghaeilge faoinár bpátrúnacht faoi láthair.

Tá an Foras ina Phátrún ar Ghaelscoileanna a bhfuil éiteas **Caitliceach, Ilchreidmheach, agus Idir-chreidmheach (Caitliceach / Protastúnach)** acu agus dá bharr freastalaíonn sé ar thuismitheoirí a dteastaíonn uathu oideachas LánGhaeilge dá bpáistí is cuma cén cúlra creidimh atá acu.

Tá sainmhíniú ról agus dualgais patrúin in Éirinn leagtha síos i ndoiciméid & achtanna dlíthiúla mar a leanas:

Bunreacht na hÉireann, An tAcht Oideachais 1998, Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (1995), Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Imeachta 2007.

An Roinn Oideachais & Scileanna

↓ ↑

An Foras Pátrúnachta

↓ ↑

An Bord Bainistíochta sa Ghaelscoil

↓ ↑

An Gaelscoil

Feidhmeanna an Phátrúin:

- Is cosantóir é an Pátrún ar spiorad sainiúil scoileanna faoina chúram
- Tugann an Pátrún barántas go bhfeidhmíonn an scoil de réir a fhreagrachtaí dlíthiúla agus de réir rialachán, orduithe agus polasaithe atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna
- Ceapann an Pátrún na Boird Bhainistíochta agus díscaoileann sé iad de réir na nósanna imeachta
- Ceapann an Pátrún na Boird Roghnaíochta chun Príomhoidí & oidí a cheapadh re réir na nósanna imeachta comhaontaithe
- Feidhmíonn an Pátrún go díreach nó mar idirghabhálaí i gcás aighneas nó coimhlintí sa scoil
- Cinntíonn an Pátrún go bhfuil airgeadas scoileanna, clúdach árachais, rialacháin agus coinníollacha sláinte agus sábháilteachta in ord agus á gcomhlíonadh
- Baineann freagracht an Phátrúin le ceisteanna cóiríochta, suímh sealúchais agus léasanna scoileanna agus is páirtí conartha é i leith na gceisteanna sin i gcás scoileanna faoina phátrúnacht
- Tá an fhreagracht deiridh ar an bPátrún i leith na scoile mar atá leagtha síos san Acht Oideachais 1998 agus dáileann sé cuid de na freagrachtaí sin ar an mBord Bainistíochta a bheidh cuntasach dó
- Is ceann de pháirtnéirí an oideachais an Pátrún agus lorgóidh na páirtnéirí eile a chomhairle faoi cheisteanna oideachasúla mar atá leagtha síos san Acht Oideachais 1998.

Tá tuilleadh eolais faoin bhForas Pátrúnachta ar fáil ar www.foras.ie

Eolas faoin bhForas Pátrúnachta

Tá dhá ról ag an bhForas, an ról pátrúnachta agus an ról bainistíochta. Aithnítear dhá rannóg sa bhForas chun freastal ar an dá ról sin: An Rannóg Phátrúnachta agus an Rannóg Oideachais

Rannóg Phátrúnachta:

Tá an Foras mar phátrún freagrach as déileáil le scoileanna maidir le ceisteanna a bhaineann le pátrúnacht:

- Spiorad sainiúil scoile a chothú agus a chosaint idir Ghaelachas agus Chreideamh
- Aitheantas a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna do ghaelscoileanna agus do mheán-scoileanna lánGhaeilge nua-bheartaithe faoin ár bpátrúnacht
- Faomhadh ceapachán i scoileanna
- A chinntiú go gcloíonn an ghaelscoil le rialacha agus rialacháin an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis na hAchtanna cuí
- A chinntiú go bhfuil airgeadas, árachas agus rialacha sláinte agus sábháilteachta in ord
- Páirteach i gcainteanna leis an Roinn agus le páirtnéirí eile faoi cheisteanna cuí oideachais agus fostaíochta
- Freagracht as gnéithe a bhaineann le cóiríocht, cíos, foirgnimh, tógáil agus léasanna
- Dúnadh agus nascadh scoileanna
- Idirghabhálaí i gás aighneas agus réiteach coimhlintí i scoileanna
- Rannóg Phátrúnachta a riaradh chun déileáil le ceisteanna pátrúnachta
- Ceapadh Bhord Bainistíochta

Rannóg Oideachais:

Tá an Foras mar bhainisteoir bainteach le ceisteanna a bhaineann le bainisteoirí–

- Comhairle agus treoir do Bhoird Bhainistíochta
- Cúrsaí agus seimineáir a eagrú mar is gá do Bhoird
- Eolas a chur ar fáil faoi ghnéithe éagsúla oideachais
- Nuachtlitir a fhoilsiú
- Treoracha na Roinne agus ciorcláin na Roinne a mheabhrú dár ngaelscoileanna
- Gníomhú ar son ár ngaelscoileanna leis an Roinn agus eagraíochtaí eile
- Oifig Oideachais a riaradh chun déileáil le ceisteanna bainistíochta
- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do Bhoird agus do scoileanna

Tá tuilleadh eolais faoin bhforas Pátrúnachta ar fáil ar www.foras.ie

An Bord Bainistíochta sa Scoil

Príomh fheidhm:

Tá an pátrún freagrach as ceapacháin an bhoird. Is é príomh fheidhm an bhoird bainistíochta ná an scoil a bhainistiú ar son an phatrúin agus ar leas na ndaltaí agus na dtuismitheoirí, agus oideachas cuí a chur ar fáil do dhaltaí na scoile.

Feidhmeanna an bhoird:

- An scoil a bhainistiú agus oideachas cuí a chur ar fáil do ghach dalta
- Feidhmiú de réir na reachtaíochta agus polasaithe
- Éiteas / spiorad sainiúil an scoil a chosaint
- Eolas agus comhairle a lorg ón bpatrún agus iontaobhaithe
- A bheith freagrach as bainistiú na scoile agus airgead a úsáid go héifeachtach

Tugann an Foras Pátrúnachta comhairle, treoir agus traenáil do na Boird bainistíochta chomh maith le traenáil náisiúnta ar na 5 modúl atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá eolas ar na modúl seo ar fáil ar **www.foras.ie :**

- An Bord Bainistíochta mar Aonad Corpraithe
- Airgeadais Boird agus ról an Chisteora
- Nósanna Imeachta Ceapacháin
- Ceisteanna Dlí
- Caomhnú Páistí



Chun PDF a íoslódáil ón leathanach seo beidh ort Adobe Reader a cur ar do ríomhaire. Cliceáil ar an nasc thíos chun cóip saor in aisce a fháil de Adobe Reader.

Bhfuil scéal ag do scoil nó ócáid ag teacht chun cinn. Ba bhreá linn cloisteáil uait!

Is féidir eolas a seoladh chuig an seoladh ríomhphost seo eolas@foras.ie nó glao orainn sa oifig ag na huimhreacha seo a leanas: (01) 805 7745 / 805 7740

An nuacht is déanaí :

Gaelscoil Rath Tó gan aitheantas

Tá Gaelscoil Ráth Tó fós gan aitheantas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. D'fhógair an Roinn roimh na Nollag ceithre cheantar ina mbeidh éileamh ar scoileanna nua do 2011 agus ní raibh Ráth Tó ar an liosta seo. Tá sé curtha in iúl ag an Roinn Oideachais don Fhoras Pátrúnachta gur dóigh leo nach bhfuil 'gá ar bith le fairsingiú suntasach ná le scoil nua i Ráth Tó.

Níl an Foras Pátrúnachta sásta leis an bhfreagra seo mar is léir nach bhfuil aird ar bith ag an Roinn ar mhianta thuismitheoirí Ráth Tó oideachas lán-Ghaeilge a fháil dá bpáistí agus dhá bhrí sin níl sé i gceist ag an Roinn aon Ghaelscoil nua a bhunú mura n-aithníonn siad go bhfuil éileamh deimigraifeach ann.

Leanfar leis an stocaireacht ar son Ráth Tó agus iarraim ar gach scoil é a chur in iúl dá bpolaiteoirí áitiúil agus don Aire Oideachais.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.gaelscoilrathto.ie agus www.aitheantas.ie

Cóimheas do Ghaelscoileanna

Tá sé fógartha ag an Roinn go mbeidh cóimheas Ghaelscoileanna ar chomhchéim le gnáth scoileanna as seo amach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil neamhaird á dhéanamh ag an Roinn den chiall a bhí leis an gcóimheas chun tacú lena daltaí i nGaelscoileanna i sealbhú na teanga. Tá achainí déanta ag an bhForas leis an Roinn ach is léir óna cainteanna sin nach bhfuil an Roinn sásta bogadh ar an gcinneadh nuair a chuireadar in iúl gur cinneadh rialtais a bhí ann. Tá gearán déanta ag an bhForas leis an Roinn mar gheall go bhfuil impleachtaí aige seo dár múinteoirí. Dona hoidí a chaillfidh a bpost i Meán Fómhair níl aon chearta painéil acu de bharr gur dhiúltaigh an Roinn le blianta anuas cearta painéil a thabhair do scoileanna an Fhorais. Tar éis gearán an Fhorais tá an Roinn sásta dul i gcainteanna chun ceist an phainéil a réiteach.

Dualgais an Fhorais & Na Boird Bhainistíochta

Mar chuid de chúramaí an Fhorais tá cinntiú go bhfuil cúrsaí airgid, árachais srl i gceart inár scoileanna. Chun an dualgais seo a chomhlíonadh ní mór do gach bord bainistíochta cinntiú go bhfuil na cáipéisí seo curtha ar aghaidh chuig oifig an Fhorais:

- **Aon athrú ar an mbord a cur in iúl don bhForas Pátrúnachta**
- **Cuntais iniúchta don scoilbhliain atá caite**
- **Cóip de pholasaí árachais na scoile**
- **Líon cinnte na bpáistí sa scoil bunaithe ar an bhfigiúr a tugadh don Roinn Oideachais i mí Deireadh**

Fliú na Muc

Mar atá cloiste agaibh tá fliú na muc mar údar imní dúinn arís. Tá moltaí curtha ar fáil ag an Roinn do scoileanna agus tá siad seo ar fáil ar shuíomh na Roinne agus ar www.foras.ie **(0007/2011)**

Na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachas & Scileanna:

Tá na ciorcláin ar fad ar fáil ar www.foras.ie agus ar www.education.ie

2011

0007/2011: Comhairle Shláinte Poiblí do Scoileanna ó Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte faoin bhFliú Séasúrach.

0006/2011: Imlitir chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí na mBunscoileanna, na nIarbhun-scoileanna agus na Scoileanna Speisialta maidir leis na socruithe leasaithe do leithdháileadh poist mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta.

0003/2011: Clár Teastais/Dioplóma Iar-Chéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh) do Mhúinteoirí

0002/2011: Teastas Céime in Oideachas Mac Léinn le Neamhoird Speictrim Uathaigh orthu (NSU) le haghaidh múinteoirí ag obair le Mic léinn le NSU orthu i Scoileanna Speisialta, i Ranganna Speisialta nó Mar Mhúinteoirí Acmhainne i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna sa phríomhshruth 2011/2012.

0001/2011: Comhchlár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí atá ag obair i dTacaíocht Foghlamtha agus Oideachas Speisialta 2011/2012

Baineann na ciorcláin 0001-0003/2010 le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí . Tá tuilleadh eolais ar fáil sna ciorcláin thuas luaite.

2010

0079/2010 Scéim Na nOibreacha Samhraidh (SOS) 2011

Tá scéim na noibreacha Samharaidh fógraithe ag an Roinn Oideachais. Le do thoil tabhair faoi deara go bhfuil an spriocdháta ag teacht go luath **20 Eanáir 2011.**

0067/2010: Na nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm chun folúntais mhúinteoireachta a tharlóidh sa chuid eile den scoilbhliain 2010/11 a líonadh.

0066/2010: Clár um Shocrúchán Oibre de Chuid FÁS

0063/2010: Gnásanna Earcaithe: Riachtanais maidir le Seiceáil an Gharda

0061/2010: Na hEagair Íocaíochta atá i bhfeidhm i gcás oidí Páirtaimseartha agus i gcás oidí Lánaimseartha um Théarma Seasta atá fostaithe i mbunscoileanna le linn na Scoilbhliana 2010/2011 agus dár gcionn

0060/2010: Scéim Saoire Bhreoiteachta do Mhúinteoirí Cláraithe i Scoileanna Aitheanta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile

0058/2010: Riachtanais Phromhaidh do Chúiseanna Clárúcháin d'Oidí Bunscoile.

www.foras.ie

Tá suíomh nua ag an bhForas Pátrúnachta le cúpla mí anuas. Ar an suíomh gheobhaidh tú eolas ar an bhForas Pátrúnachta, an nuacht is déanaí , eolas ar na scoileanna agus acmhainní.

Tá mapaí Google in úsáid againn ar an suíomh, áit ina bhfuil na scoileanna ar fad faoin bhForas Pátúnachta luaite. Tá PDF le híoslódáil le sonraí teagmhála na scoileanna sna cheantair éagsúla: Cúige Chonnacht, Cúige Laighean, Baile Átha Cliath, Cúige Mumhan agus Cúige Uladh.

Tá foirmeacha faomhadh do mhúinteoirí / príomhoidí A1 agus A2 ar fáil le híoslódáil ón suíomh chomh maith le heolas tábhachtach don bhord bainistíochta. Tá an suíomh á fhorbairt an t-am ar fad agus má tá aon moltaí agaibh nó má tá eolas agat faoi do scoil ba mhaith linn cloisteáil uait.

Sonraí teagmhála an Fhorais:

Tá beirt anois fostaithe go lán aimseartha ag an bhForas Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge le freastal a dhéanamh ar scoileanna an Fhorais: Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí agus Siobhán Seoighe, Fheidhmeannach. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag na sonraí seo a leanas:

Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
Fón (01) 805 4475
Faics: (01) 805 7748
caoimhin@foras.ie

Siobhán Seoighe, Feidhmeannach
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
Fón (01) 805 7740
Faics: (01) 805 7748
siobhan@foras.ie

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh agus má tá moltaí ar bith agat maidir leis an suíomh nó eile ba bhreá linn cloisteáil uait.